Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2025**
**(OR. en)**

**6686/25**

**LIMITE**

**STAT 12**
**FIN 253**

PUBLIC

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Feabhra 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 1150 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 26.2.2025 maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an scála do mhisin ag oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh sna Ballstáit |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 1150 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 1150 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 26.2.2025
C(2025) 1150 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 26.2.2025**

**maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an scála do mhisin ag oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh sna Ballstáit**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis na Rialacháin Foirne ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh gach 2 bhliain ar rátaí speansas misin (an liúntas cothaithe laethúil agus na huasteorainn óstán) trí bhíthin gníomh tarmligthe[1]. Ós rud é gurb é is cuspóir leis an athbhreithniú sin na hathruithe ar phraghsanna óstán, bialann agus seirbhísí lónadóireachta i ngach Ballstát a léiriú, lenar féidir speansais mhisin a chumhdach go leordhóthanach, déanfar é i bhfianaise tuarascáil ar éabhlóid innéacsanna na bpraghsanna sin. Is é an Rialachán Tarmligthe an dara coigeartú ar rátaí na speansas misean ón gCoimisiún tar éis a bheith cumhachtaithe gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar an ábhar sin[2] agus tar éis dó Rialachán Tarmligthe den sórt sin a ghlacadh in 2016[3].

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMHGHLACADH AN GHNÍMH

Chuir Eurostat tuarascáil isteach maidir leis an nuashonrú ar speansais mhisin (liúntais chothaithe laethúla agus uasteorainneacha óstán)[4]. D'fhormheas an Mheitheal um Airteagail 64 agus 65 de na Rialacháin Foirne an mhodheolaíocht fholuiteach a úsáideadh sa tuarascáil i mí an Mhárta 2019. Agus an t-ullmhúchán á dhéanamh don dréacht-Rialachán Tarmligthe, áirithíodh tarchur comhuaineach tráthúil iomchuí na ndoiciméad ábhartha chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. D'eagraigh seirbhísí an Choimisiúin cruinniú saineolaithe *ad hoc* maidir leis an dréachtghníomh tarmligthe seo a ullmhú a raibh saineolaithe ó na Ballstáit agus riarachán Pharlaimint na hEorpa rannpháirteach ann an 9 Iúil 2024. Le linn an chruinnithe, tarraingíodh ceisteanna anuas faoin tionchar buiséadach, ceisteanna ar thug an Coimisiún aghaidh go soiléir orthu agus é ag míniú go soiléir nach mbeidh aon tionchar breise ag an nuashonrú ar Cheannteideal 7 den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil ós rud é gur cuid de chaiteachas nach mbaineann le tuarastal iad misin áirithe, caiteachas atá faoi réir méadú bliantúil uasta 2 % i gcás gach catagóire caiteachais. Chuir go leor Ballstát in iúl go dtacaíonn siad le cur chuige an Choimisiúin.

Pléadh an dréacht-Rialachán Tarmligthe agus an tuarascáil leis na hionadaithe foirne ó cheardchumainn agus comhlachais foirne an Choimisiúin agus le hionadaithe foirne Institiúidí eile an Aontais i gcomhréir leis na nósanna imeachta iomchuí[5].

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

I gcomhréir le hAirteagal 71 de na Rialacháin Foirne, tá oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh i dteideal aisíocaíocht a fháil ar speansais a thabhaíonn siad le linn dóibh a

---

1 Airteagal 13(3) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

2 *Ibid.*

3 Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1611 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2016 maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an scála do mhisin ag oifigigh agus seirbhísigh eile de chuid an Aontais Eorpaigh sna Ballstáit [C(2016) 4164] (IO L 242, 9.9.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/1611/oj).

4 Tuarascáil Eurostat maidir le nuashonrú 2023 ar speansais mhisin (liúntais chothaithe laethúla agus uasteorainneacha óstán) le haghaidh cinn scríbe laistigh den Aontas agus lasmuigh den Aontas i gcomhréir le hAirteagal 13(3) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne is infheidhme maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, de réir na modheolaíochta arna formheas ag an Meitheal Saineolaithe maidir le hAirteagail 64 agus 65 de na Rialacháin Foirne, ina gcuirtear ríomhanna i láthair a bhfuil an dáta tagartha 1 Iúil 2023 ag gabháil leo.

5 An 10 Deireadh Fómhair 2024.

ndualgais a chomhlíonadh nó i dtaca lena gcomhlíonadh. Foráiltear le hAirteagal 13(3) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, i bhfianaise tuarascála ar éabhlóid innéacsanna phraghsanna na n-óstán, na mbialann agus na seirbhísí lónadóireachta, go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú gach 2 bhliain trí bhíthin gníomh tarmligthe ar rátaí na speansas misin (an liúntas cothaithe laethúil agus na huasteorainneacha óstán).

Tá tuarascáil tarraingthe suas ag Eurostat maidir le praghsanna óstán, bialann agus seirbhísí lónadóireachta, agus na hinnéacsanna maidir le héabhlóid na bpraghsanna sin. Baineadh úsáid as modhanna difriúla chun na gluaiseachtaí praghsanna a ghabháil. Léiríonn méid na héabhlóide a tugadh faoi deara sa tuarascáil a mhéid a bhaineann leis na rátaí atá leagtha amach faoi láthair sna Rialacháin Foirne go ndéanfar athbhreithniú éifeachtach ar rátaí an liúntais cothaithe laethúil agus ar na huasteorainneacha óstán.

Ina theannta sin, tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, aisíocaíocht le hoifigigh agus seirbhísigh eile ar speansais arna dtabhú ar mhisean sa Bhallstát sin, níl sí faoi réir na rialacha a leagtar amach in Airteagal 13(2)"a" d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a thuilleadh. Dá bhrí sin, níl rátaí na speansas misin sa Ríocht Aontaithe ionchorpraithe a thuilleadh sa scála atá sa Rialachán seo.

Tá measúnú ar staideanna casta eacnamaíocha agus/nó sóisialta i gceist le hathbhreithniú an Choimisiúin ar rátaí an liúntais cothaithe laethúil agus na n-uasteorainneacha óstán. Sna himthosca sin, deimhníonn cásdlí chúirteanna an Aontais go mbíonn lánrogha leathan ag an reachtóir.

Tá dhá Airteagal sa Rialachán Tarmligthe seo. Soláthraítear sa chéad Airteagal an tábla ina bhfuil na rátaí nuashonraithe le haghaidh na n-uasteorainneacha óstán agus na liúntas cothaithe araon le haghaidh Bhallstáit uile an Aontais. Tá gnéithe sa dara hAirteagal maidir lena theacht i bhfeidhm agus a fheidhm dhíreach.

## 4. PRÍOMH-SHAINTRÉITHE AN GHNÍMH

I bhfianaise Thuarascáil Eurostat, chinn an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na rátaí a leagtar amach in Airteagal 13(2)"a" d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne mar a leanas:

**A. liúntais chothaithe laethúla**

Leanann an t-athbhreithniú an modh faoina leanann éabhlóid na bpraghsanna le haghaidh an liúntais cothaithe laethúil éabhlóid ghinearálta na bpraghsanna seachas cóiríocht (eisiatar cóiríocht toisc gur mórchostas de chineál buan é nach bhfuil ábhartha do mhisean gearrthéarmach). Chomhaontaigh an Mheitheal Saineolaithe um Airteagail 64 agus 65 de na Rialacháin Foirne i mí an Mhárta 2019 gur cheart an chreat-mhodheolaíocht a bheachtú chun na treoirlínte nua maidir le misin arna gcur chun feidhme le Cinneadh C(2017)5323 ón gCoimisiún a tháinig i bhfeidhm i mí an Mhárta 2018 a léiriú. Baineann an príomhathrú ar liúntais laethúla leis an gcóimheas idir speansais chothaithe agus speansais theagmhasacha (ó 75:25 go 65:35).

A mhéid a bhaineann leis an ríomh féin, ar an gcéad dul síos, úsáidtear ICPT ó mhí an Mheithimh 2015 go dtí mí an Mheithimh 2023 chun an luach a shocrú le haghaidh na Beilge – úsáidtear ICPT domhanda na Beilge gan an fo-innéacs 'tithíocht'.

Ar an dara dul síos, socraítear luachanna 2023 do na Ballstáit eile ar bhonn na paireachta déthaobhaí cumhachta ceannaigh ríofa leis an mBruiséil (úsáidtear ICPT domhanda na Beilge gan an fo-innéacs 'tithíocht').

**B. uasteorainneacha óstán**

Leanann an t-athbhreithniú an modh faoina léirítear éabhlóid na bpraghsanna d'óstáin leis an éabhlóid shonrach ar phraghsanna óstán:

A mhéid a bhaineann leis an ríomh féin, ar an gcéad dul síos, úsáidtear fo-innéacs ICPT na Beilge 'Óstáin' ó Mheitheamh 2015 go Meitheamh 2023 chun luach na Beilge a shocrú.

Ar an dara dul síos, socraítear rátaí 2023 do na Ballstáit eile ar bhonn na paireachta déthaobhaí cumhachta ceannaigh ríofa leis an mBruiséil (úsáidtear an fo-innéacs 'Óstáin').

Ar an tríú dul síos, cuirtear na rátaí nua-ríofa i gcomparáid leis an gcaiteachas a breathnaíodh in 2021 agus 2022. I gcás inar leor luach níos ísle ná an luach a ríomhadh ar bhonn ICPT chun 90 % de na misin gan mhaoluithe a chumhdach, coinnítear an uasteorainn óstán a chumhdódh 90 % de na misin.

Ar deireadh, i bhfianaise na tréimhse fada ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach agus na staide eacnamaíche an-luaineach, ní thugtar isteach sásra lena dteorannaítear luaineachtaí le haghaidh chleachtadh 2024 ach amháin chun dul i ngleic le haon athrú tobann ar na rátaí (níos mó ná 20 %). Is iad na cuspóirí cur isteach ar leas na seirbhíse a sheachaint agus éifeachtúlacht a fheabhsú. Mar shampla, dá dtiocfadh laghdú tobann ar na rátaí, chruthófaí ualach breise riaracháin ós rud é go mbeadh sé fós riachtanach go n-áiritheodh na hInstitiúidí dea-fheidhmiú na misean sna Ballstáit lena mbaineann. Ag an am céanna, d'fhéadfadh méadú mór ar na huasteorainneacha óstán bac a chur ar roinnt deiseanna le haghaidh gnóthachain éifeachtúlachta.

PUBLIC

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 26.2.2025**

**maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an scála do mhisin ag oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh sna Ballstáit**

PUBLIC

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialacháin Foirne Oifigigh agus do Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 112(2) de na Rialacháin Foirne agus Airteagail 13 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leo,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um Rialacháin Foirne,

Tar éis dul i gcomhairle leis na hionadaithe foirne ó institiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais Eorpaigh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 13(3) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, chuir Eurostat tuarascáil isteach maidir le héabhlóid praghsanna óstán, bialann agus seirbhísí lónadóireachta.

(2) Léirítear sa tuarascáil sin gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na liúntais chothaithe laethúla agus ar na huasteorainneacha óstán chun éabhlóid praghsanna óstán, bialann agus seirbhísí lónadóireachta a chur san áireamh.

(3) Tá measúnú ar staideanna casta eacnamaíocha agus/nó sóisialta i gceist le hathbhreithniú ar rátaí an liúntais cothaithe laethúil agus na n-uasteorainneacha óstán.

(4) San athchóiriú deireanach a rinneadh ar Rialacháin Foirne oifigigh an Aontais Eorpaigh agus ar Choinníollacha Fostaíochta sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, leagadh béim ar an ngá atá le hiarracht ar leith ó gach uile riarachán poiblí agus ó gach uile chomhalta dá fhoireann chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun dul in oiriúint don chomhthéacs eacnamaíoch agus sóisialta atá ag athrú san Eoraip.

(5) Tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach an 1 Feabhra 2020, aisíocaíocht le hoifigigh agus seirbhísigh eile ar chaiteachas arna thabhú ar mhisean sa Bhallstát sin, níor cheart í a bheith faoi réir na rialacha a leagtar amach in Airteagal 13(2), pointe (a), d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a thuilleadh.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 13(2), pointe (a), d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a leasú dá réir sin,

[1] IO L 56, 4.3.1968, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1968/259(1)/oj.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 13(2), pointe (a), d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

| (in EUR) | | |
|---|---|---|
| Ceann scríbe | Uasteorainn óstán | Liúntas laethúil |
| an Bheilg | 171 | 132 |
| an Bhulgáir | 121 | 78 |
| an tSeicia | 149 | 98 |
| an Danmhairg | 208 | 172 |
| an Ghearmáin | 154 | 123 |
| an Eastóin | 118 | 125 |
| Éire | 191 | 144 |
| an Ghréig | 134 | 108 |
| an Spáinn | 154 | 101 |
| an Fhrainc | 212 | 127 |
| an Chróit | 132 | 99 |
| an Iodáil | 178 | 116 |
| an Chipir | 145 | 103 |
| an Laitvia | 128 | 110 |
| an Liotuáin | 114 | 103 |
| Lucsamburg | 178 | 142 |
| an Ungáir | 135 | 93 |
| Málta | 166 | 109 |
| an Ísiltír | 190 | 137 |
| an Ostair | 158 | 131 |

PUBLIC

| | | |
|---|---|---|
| an Pholainn | 126 | 95 |
| an Phortaingéil | 121 | 95 |
| an Rómáin | 109 | 88 |
| an tSlóivéin | 140 | 108 |
| an tSlóvaic | 120 | 104 |
| an Fhionlainn | 170 | 155 |
| an tSualainn | 198 | 135 |

PUBLIC

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26.2.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*